


An Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge

Institiúid Oideachais Marino

Tuairisc Chun Dáta (19 Márta, 2019)

Don Choiste Comhairleach um Polasaí Oideachas Gaeltachta

Aodán Mac Suibhne (Comhordaitheoir an Bhaitisiléara san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge, Ionadaí Chomhdháil Cheannasaithe na gColáistí Oideachais in Éirinn (CHOICE))



- **19 Nollaig, 2019:** Maidir le pointí CAO don Bhaitisiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge amháin, mar thoradh ar iarratas a chuir an Institiúid faoi bhráid na Lár-Oifige Iontrála (CAO), beidh 40 pointe sa bhreis ag dul do gach scoláire a fhaigheann Pas (50% nó níos airde) i Scrúduithe TEG Leibhéal B1. Ní bheidh níos mó ná 40 pointe ag dul d’aon scoláire a fhaigheann marc níos airde ná 50% ná grád TEG níos airde ná Leibhéal B1.
- **20 Nollaig, 2019:** Chuir léachtóir Gaeilge san Institiúid, Madeleine Ní Ghallchobhair roinnt sleamhnán ar shuíomh idirlín na hInstitiúide chun cabhrú le scoláirí ullmhú do na scrúduithe TEG. Féach: https://www.mie.ie/ga/Ag_Staidear_Linn/Clair_Focheime/Baitsileir_san_Oideachas_Tri_Mhean_na_Gaeilge_Bunmhuinteoireacht_/Treoirinte_Marino_do_Scrudu_TEG_Leibheal_B1_gach_cuid_.pdf
- **4 Eanáir, 2019:** Chuir an tUachtarán, an Dr. Teresa O’Doherty fáilte roimh 53 scoláire a tháinig chuig an Institiúid chun freastal ar Sheisiún Ullmhúcháin do na Scrúduithe TEG a thug Madeleine Ní Ghallchobhair, Aodán Mac Suibhne agus Caoileann Ní Dhonnchadha. Tháinig formhór na scoláirí ó Bhaile Átha Cliath ach tháinig scoláirí ó chontaetha eile chomh maith, ina measc, Dún na nGall. Tugadh turas teoraithe do na scoláirí ar an gcampas tar éis an tSeisiúin Ullmhúcháin. Tháinig méadú mór ar líon na scoláirí a bhí ag cur isteach ar na scrúduithe TEG i Mí Eanáir.
- **11 Eanáir, 2019:** Ag cruinniú den fhoireann acadúil san Institiúid, rinne an Dr. Marie Whelton cur i láthair, dar teideal, “I dTreo Comhthuiscintí agus Dea-Chleachtas” leis an aidhm comhthuiscintí agus dea-chleachtas a chothú idir léachtóirí sna hábhair churaclaim éagsúla a bheidh ag tabhairt léachtaí ar an gcéim. Ag an gcruinniú céanna, rinne an Dr. Claire Dunne cur i láthair dar teideal, “Comhtheagasc” leis an aidhm comhoibriú de chineálacha éagsúla a chothú idir léachtóirí ar an gcéim agus léachtóirí nach mbeidh ag tabhairt léachtaí ar an gcéim. Tá sé ar intinn ag an Institiúid níos mó seisiún mar sin a reáchtáil idir seo agus tús na céime.
- **1 Feabhra, 2019:** Ar an dáta seo (an spriocdháta le haghaidh iarratas don Lár-Oifig Iontrála – CAO) bhí 77 scoláire tar éis an Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge a chur síos mar an chéad rogha, i.e. 70 scoláire do CM003 agus 7 scoláire do CM004 (an dara bealach do scoláirí Gaeltachta). Bhí an chéim luaithe ag 242 scoláire san iomlán. D’fhéadfadh na figiúirí sin méadú nó titim mar gur féidir le scoláirí a n-aighe a athrú idir 1 Feabhra agus 1 Iúil.

- **4 Feabhra, 2019:** Ar an dáta seo (an spriocdháta le haghaidh iarratas) bhí 126 scoláire cláraithe do na scrúduithe TEG.
- **23 Feabhra, 2019:** Reáchtáladh na scrúduithe TEG do 126 scoláire i gcúig ionad ar fud na tíre: i Maigh Nuad, i Leitir Ceanainn, i Luimneach, i gCorcaigh agus i nGaillimh. Eiseofar torthaí na scrúduithe sin do na scoláirí agus d’Institiúid Oideachais Marino i Mí Aibreáin. As an 126 sin, tháinig 7 ón nGaeltacht, 75 ó Ghaelcholáistí agus 44 ó mheánscoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar dhara teanga. Scoláirí nach raibh in ann na scrúduithe TEG a dhéanamh ar 23 Feabhra ar chúiseanna éagsúla (mar shampla, bhí na scrúduithe HPAT ar siúl ar an lá céanna), beidh deis eile acu na scrúduithe TEG a dhéanamh ar 11 Bealtaine. Maidir le scoláirí a bhfuil Pas (50% nó níos airde) faighte acu cheana féin sna scrúduithe TEG Leibhéal B1 (nó grád TEG níos airde), ní chaithfidh na scoláirí sin na scrúduithe TEG Leibhéal B1 a dhéanamh arís. Beidh Oifig an Chláraitheora san Institiúid i dteagmháil leis na scoláirí sin in Aibreán / Bealtaine / Meitheamh 2019 ag iarraidh orthu cruachóip nó cóip scanáilte dá dteastais TEG a chur chuig an oifig sin ionas go mbeidh Oifig an Chláraitheora in ann torthaí TEG na ndaoine sin a fhíorú le hOifig TEG. Tá an Institiúid an-bhuíoch d’Oifig TEG as a gcomhoibriú leanúnach.
- **Mí na Nollag, Eanáir, Feabhra:** Faoi dheireadh Mhí an Mhárta beidh cuairteanna tugtha ag an Oifigeach Margaíochta / Oifigeach Gaeilge, Caoileann Ní Dhonnchadha ar 68 scoil ar fad agus caidreamh bunaithe aici leis na múinteoirí gairmthreorach sna scoileanna sin, rud a chabhróidh go mór leis an obair mhargaíochta sna blianta atá romhainn. Tá sí tar éis freastail ar 11 lá ghairmeacha agus tá sé ar intinn aici freastal ar Chomhdháil na gComhairleoirí Gairmthreorach i Mí Aibreáin. Labhair sí faoin gcéim ar *Tús Áite* ar Raidió na Gaeltachta ar 16 Eanáir agus bhí mír ar *Nuacht TG4* faoin gcéim ar 17 Eanáir. Beidh sí ag labhairt ar *An Saol ó Dheas* ar Raidió na Gaeltachta ar 13 Márta. Ag an mbriseadh lárthearma i Mí Feabhra thug roinnt scoláirí cuairt ar an gcampas agus tugadh turas treoraithe dóibh. Tá feachtas an-láidir ar siúl ag Caoileann sna meáin shóisialta. Tá 1,700 leantóir ag an gcéim ar *Instagram* agus gach postáil a dhéantar ar *Instagram* ar na *scéilíní* (a bhíonn le feiceáil ar feadh 24 uair an chloig) bíonn 500-700 radharc ann. Déantar postáil gach 2-3 lá agus de ghnáth faightear 50-120 “Is maith liom.”. Tá 360 leantóir ar Twitter. I rith Sheachtain na Gaeilge san Institiúid i mbliana bhí roinnt gníomhaíochtaí nua ag Caoileann a mbeidh tábhacht ar leith leo sa chéad bhliain nua den chéim i 2019/2020 agus mic léinn ón gcéim ag cabhrú léi. Tá an Institiúid fíorshásta le éifeacht na Straitéise Margaíochta.
- **Polasaí Teanga agus Plean Teanga:** Tá Polasaí Teanga nua agus Plean Teanga nua don Institiúid dréachtaithe le cinntiú go mbeidh na mic léinn ar an mBaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge in ann a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Chuige sin, mar shampla, i láthair na huaire tá gach doiciméad a chuirtear amach chuig na mic léinn á aistriú go Gaeilge agus gach foirm a bhíonn le comhlánú.